

AN DABHRADÁN.

Bhí Rí i nÉirinn annseo fadó. Ní raibh aige ach aon mhac amháin. Dubhairt sé go dtóigfeadh sé é leis an oiread sgoile agus d'fheadfadh a chumhacht a thabhairt dó. Bhí máigistir sgoile gar don áit a raibh sé i na chomhnaidhe ar chaith sé seacht mbliana ag dul ar sgoil chuige.

Nuair a bhí na seacht mbliana caithte dubhairt an máigistir leis go mba mhaith leis a athair fheiceáil i mbárach. Nuair a tháinig an mac abhaile ón sgoil d'innis sé do'n athair go raibh an máighistir dhá iarraidh. Chuadar le chéile go dtí teach na sgoile lá ar n-a bharach. "Chuir tú fios orm" adeir an Rí. "Chuireas" ar seisean. "Ba mhaith lion labhairt leat faoi do mhac mar níl mé i ndon níos mó sgoile a mhúineadh ná mar atá múinte cheann agam dó." "Céard a dhéanfas mise" adeir an Rí "agus gan a leath-dhótain sgoile fós aige, nó a bhfuil fhios agat cá bhfuil aon dhuine atá i ndon tuille a mhúineadh dó.

"Tá fhios" adeir an máisghidir "tá bean ins a Spáinn de mháigistreas sgoile. Tá sí ceapthuighe gurb í fearr dá bhfuil sa domhan uiliug." Ghlac sé buidheachas leis an máighistir. Tháinig sé féin agus an mac abhaile agus ar maidin lá ar n-a bhárach bhí an soitheach aige ab fhearr a bhí san oileán a raibh sé ann. Réitigh sé amach é féin agus fuair sé fuireann agus níor stop sé agus níor mórchomhnuighe sé nó go dtáinig sé isteach do'n Spáinn agus d'fheist sé a shoitheach gur chuir sé feisteas lá agus seacht mbliana uirthi cuir i gcás nach mbeadh sí ann ach uair a chluig.

Shiubhail sé féin agus an mac amach is gearr gur casadh fear dóibh ar an mbóthar. D'fhiafruigh an Rí dhi an raibh aon eolas aige ar mháighistreas sgoile a bhí ceapthuighe gurb í ba foghlunta a bhí sa domhan. "Tá" adeir an fear. Tá sí ag múineadh sgoile an-chomhngarach do'n áit a bhfuil tú annseo."

Chuaidh sé i néinfeacht leis an Rí gur spáin sé an teach dhó. Nuair a tháinig sé isteach chuir sí seo céad míle fáilte roimh Mac Rí nÉirinn. Tháinig an t-athair chun cainnte léithe agus d'innis sé dí céard a chas an bealach seo é. "Ní maith liom" adeir sí go dtáinig tú. Níl mé i ndon do mhac a mhúineadh tá dhá dhuine dhéag de chlann Rígte tógtha cheanna agam agus níl aon chead agam an tríomadh duine déag a thóigeáil."

"Cé'n chiall adeir an Rí in Éirinn nach bhfuil tú indon mo mhac a mhúineadh chomh maith leobh." Tá mé ró-bhocht" adeir sí, "tar in-éindigh liom-sa go hÉirinn agus coinneochaidh mé suas thú féin agus an dá dhuine dhéag go ceann seacht mbliana, sin agus gach an-iarrfaidh tú de pháidhe béidh sé le fághaill agat."

Nuair a chonnaic sí chó maith agus labhair sé thug sí gealltanus dó ar an mac agus dtógáil agus é a mhúineadh có maith agus bhí sí i ndon. Ghlac an Rí buideachas léithe agus shocruigh sé an mac annsin agus tháinig sé féin ar ais abhaile.

Faoi cheann seacht mbliana d'fhafruigh Mac an Rí de'n mháighistreas a raibh aon sgoiláire faoi'n domhan a bhí chó maith leis féin. "Tá" adeir sí. Dhfhann sé seacht mbliana eile ar sgoil

aice. Nuair a bhí na seacht mbliana sin thuas d'fhiafruigh sé arís dí a raibh aon sgoilire chó maith leis dubhairt sí go raibh ní bhfearr. D'fhan sé seacht mbliana eile agus d'fhiafruigh sé arís dí a raibh aon sgoilire cho maith leis. Dubhairt sí go raibh aon fhear amhain "caithfidh tú innseacht domsa cé hé féin." "Tá" adeir sí "fear atá sa domhan thiar a dtugann siad an Dabhradán air. "Níl mé indon blas a mhúineadh dhuit ach oiread céadna atá múinte agam dhó-san."

D'ímtigh sé díoc sé soitheach a thug abhaile go hÉirinn é go go dtí á n-athair ins an am a dtáinig sé aige isteach bhí fáilte aige roimhe. "Tá fhios agam anois adeir an Rí gur tú an sgoilire is fearr ar domhan." "Ní mé" adeir an mac tá fear eile sa domhan thiar chó maith liom." Ní chodlochaídh mé aon oidhche go brách in-éindigh leat ach an oidhche anocht go dtéighidh mé don domhan thiar go dtriáilidh mé an Dubhradán."

Ar maidin lár n-a bháireach réidhtigh sé amach é féin agus chuir an t-athair chuile chineál isteach i soitheach ba bhreaghtha a bhí seoladh as Éirinn. Chuir sé fuireann leis agus thug sé a aghaidh chun fairrge. Bhí sé imteacht ar feadh dhá mhí agus ní facha sé talamh na trágh. Dubhairt sé le duine dá chuid fear breathnú uaidh lá breágh a bhí ann féachaint an bhfeicfeadh sé cosamhlacht le talamh ar bith ar aon taobh dhe.

Nuair a tháinig sé seo anuas as an gcrann dubhairt sé go bhfacar ach go raibh an talamh an fhada uaidh. Thugada aghaidh an tsoithigh ar an áit a bhfacadar cosmhalacht le talamh agus bhíodar ag seoladh díreach air nó go dtáinigedar i dtír. Gabhfaidh mise amach anois adeir Mac an Rí agus siubhlaidh mé píosa de'n áit agus fainigí-se nó go dtaga mé ar m'ais le sgéala chugai."

Bhí sé ag siubhal go raibh sé ag tarraingt ar chúpla míle ón soitheach. Chonaic sé coill an-árd tamall uaidh agus bhí sé ag déanamh uirthí. Nuair a tháinig sé go dtí an choill chonaic sé an bhean agus í ceangailte do cheann de na crainnte.

Tháinig sé chun cainnte léithe agus d'fhiafruigh sé de'n bhean cén chiall í bheith ceangailte de'n chrann. "Tá" adeir an bhean tá tíreánach a beith ina chomhnuidhe san áit agus duine ar bith nach gcuireann a ingean chuige le haghaidh oibre ta sé leis an gcloigeann a bhaint de. Tá mórseisear dreithiur liom-sa tugha leis cheanna aige mé féin an t-ochtmdhadh duine agus sé m'athair a cheangail annseo mé go gcuirfeadh an tíreánach teachtaire i mo choinne níos túisge ná bainfidh an cloigeann dhe féin. "Cerd déarfá" adeir Mac an Rí dá sgaoilinn thú agus a dhul abhaile?" "Sé an chaoi a dtuitfeadh an t-anam as m'athair nuair a d'fheicfeadh sé ag tigheacht mé."

Dearfaidh tú leis gurb é Mac Rí inÉirinn a sgaoil abhaile thú agus go bhfuil mise ag dul ag troid an tíreánach maidin mbáireach." Chomh luath i d'ímtigh an bhean abhaile agus í ag caoineadh le faichios thug sé aghaidh ar an soitheach aríst agus ar a chuid fear.

D'fhiafruigheadar dhe cé mar thaithnigh an lá leis "Ní fhéadaim mórán a innseacht díb, i gcoinne claidhimh atá ins a soitheach a tháinig mé le dhul ag troid tíríreanach atá ann atá ag caitheamh droch - cheann le daoine bochta. Thug sé leis an claidheamh agus thug sé aghaidh ar an gcaisleán ins an áit a raibh an tíreánach seo ina chomhnuidhe.

Bhí fear amuic ag geata an Chaisleain agus chuaidh Mac an Rí chun cainnte leis. Gabh isteach agus abair le do mháigistir a thigheacht amach go bhfeicidh mé é.” Chuaidh an geatóir isteach agus d’innis sé dá mháigistir go raibh a leithéide seo d’fear dhá iarraidh. Tháinig an tíreánach amach agus d’fhiafruigh sé dhi céard a bhí ar iarraidh uaidh. Dubhairt Mac an Rí go raibh troid. “Cé’n sort troda is fearr leat” adeir sé. Tá mé sásta bealach ar bith a dtroidfidh tú adeir Mac an Rí. “Fan” adeir sé go dtí maidin i mbáireach go dtí a naoi a chlog i mbáireach agus beidh mise i ndon thú a throid.”

“Tá súil agam” adeir sé go bhfanaidh tú anocht in éindigh linn. “Fanfad adeir Mac an Rí. Bhíodar a tabhairt an óil ba láidre a bhí sa gcaisleán dó i gcaitheamh na hoidhche. Bhí beirt a freastal air. Ar maidin d’fhiafruigh an tíreánach de Mhac an Rí céard is mó a bhí sé i ndon a dheanamh. “Tá mé i ndon thusa agus a bhfuil i do rioghacht a tharraingt ó chéile fós.” Bhíodar ag coinneál an óil i gcomhnaidhe leis agus ag a naoi a chlog d’fhiafruigh an tíreánach de cán spreacadh a bhí ann. “Tá mé i ndon thusa a triáil fós” adeir Mac an Rí.

Chudar amach lé chéile in sa bpáirc. Thugadar lámh iocair agus lámh uactair na caraideachta bhíodar ag dul dá chéile go raibh diún agus deire an lae ag tigheacht bhíodar ag déanamh bogán den cruadán den bhogán bhíodar ag tarraingt toibreacha fíor –uisge aníos tríd na clocha glasa le meid is bhíodar féin ag corrúige a chéile.

Chuimnigh Mac an Rí air féin an chead iarraidh eile chuir sé go dtí á n-a ghlúin é an dara hiarraidh go dtí á n-a bhasta an triomhadh hiarraidh go dtí logan a bhrághad. Tá talamh ós do chionn anois a bhuachaill. Tú an fear is fearr a chonnaic mé ariamh adeir sé. Tá mé a dhul a tabhairt mo chaisleán duit is gach a bhfuil ann istigh agam agus chuile shórt a mbaineann liom ach mé a leigeann as seo. Rith Mac an Rí anonn go dtí á n-a claidheamh a thug a athair dhó nuair a bhí sé in-ímhne gaisge. Tháinig sé ar an tíreánach agus bhuaill sé i gcomhangar a mheill is a mhuinéil é agus scuab sé an cloigeann de.

Bhí sé marbh tuirseach de bharr na troda agus dubhairt sé go bhfanadh sé sa gcúirt an oidhche seo go dtí an mhaidin lar n-a bhárach ach níos túisge ná fagfaidhe an caisleán aige agus a raibh ann rinne bean an tíghearnaigh rinne sí plan suas dubhairt sí leo a bheith ag coinneál óil leis chaodhain go lagaidís é gan blas ar bith le n-ithe trí oidhche agus trí lá bhí sé ag ól maidin an ceathramha lá d’fhiafruigh sí dhe cén spreacadh a bhí anois ann.

Cheanglóchadh ríbíní luachair mé. Ní shin é a ghabhfas ga do cheangal adeir sí ach rópaí crua craibhe chomh maith is féidir fhághail adeir sí. Chuir sí triúr fear dá cheangal gur cheangluigheadh a chosa a lámha is a mhuinéal dá cheile. Sé an áit a raibh sé le caitheamh le fána aille go mbáití é.

An mórseisear ban a bhí tugtha ó na n-athair ag an tíreánach nuair a bhíodar leigthe saor ag Mac Rí inÉirinn dubhradar nach bhfeadfaidís féin a bheith ag breathnú air dá bháthadh. Ins an am a raibh sé ceangluite réidh le caitheamh amach ins an bhfairge tháinig an bhean is sine aca go dtí é is chuir sí fainne ar a mhéir agus dubhairt sí leis an fhad is d’fandadh an fainne ar a mheir nach mbáthfaidhe é dá mbeadh a raibh de maoimanne ar fud na fairrge a bualadh air agus nach gcaillfidh le fuacht ná le ocras é.

Caitheadh amach é le fána na haille is airde a bhí ann sa bhfarrige. Bhí sé ag imteacht có headrom le corc ar bharr na fairrge bhí sé ar siubhal ariamh gur caitheadh isteach ar carraig fhiadháin é agus gur caitheadh an fhad suas é agus agus dfhag an taoille é. Bhí sé sé mí ar an gcarraig agus gan é i ndon cos ná lámh a corruighe. Casadh soitheach lá breagh agul tart a raibh triúr fear innte agus bean agus iad díbrithe as an áitín fein ag cuigear nó seisear fathach. Mharbuighidís sa lá iad agus bíodias beo aríst ar maidin lá ar na bharach deirigeadar có tuirseach de na fathaigh gur mbradar go mbfearr dóibh imteacht ar fud na farrge feachaint a gcasfaidhe ar thalamh eicint iad a mbeadh sort suimhneas eicint le fail acab seachas bheith ag troid leis na fathaigh lá breagh casadh gar don charraig seo iad ar caitheamh Mac an Rí isteach ann.

Ní raibh aon gaoith ann agus go gcuirfidís bad fadh amach agus go dtarraingeicadís isteach go bfeicfidís an charraig nuair nach raibh an soitheach ag corruighthe. Bhíodar ag tigheacht an na carraige le bád beag agus nuair a bhíodar an ghar don fharrige dubhairt fear acab leis an bhfear eile go mba cosmaill le rud beo a bhí shuas ar an gcarraig. Nuair a tháinigeadar níos goire dhí dubhradar go mba cosmhail le fear a bhí ann agus go mbearr dóib a n-aghaidh a thabhairt ar an soitheach aríst faitcíos go mbarbhóchadh sé iad. Nuair chonaic Mac an Rí a dhul ag imteacht on gcarraig iad ní dhearna sé ach eirigh de leim agus a dhul isteach sa mbád agus is beag nar bháth sé í.

Cén sórt duine thú féin adeir duine de na fir leis. Ní fear thú adeir Mac an Rí go sgaoilidh tú na ceanglail atá orm. Sgaoileadar iad. Cén sórt duine tú féin anois adeir an fear. Ní thiubhraidh mé fear ort adeir Mac an Rí go mbearraidh tú an fheasóg seo atá orm i dtosach. Bhearr. Cén sórt fear anois tú féin adeir sé. Tabhair claidheamh anois dom le mé fhéin a choisint le faithchíos go marbhóchadh sibh mé. Bhí trí duirriní claidhmhe aca seo le haghaidh troid na bhfathach. Chuaidh fear aca síos i níochar an tsoithigh go dtug sé aníos claidhmhe cuig Mac an Rí.

Bhuail sé an dá cheann ar a chéile agus rinne sé dhá leith dhí bhí sé dá mbriseadh gur bhris sé an ceann deirneach acab. Níl aon cheann agam duit níos mó adeir duine aca "ach ceann atá caithte ar iochtar an tsoithigh. Chuaidh sé síos agus thug sé chuige é. Bhí sé i ndon a dhá cheann a bhualadh ar a chéile agus ní bhrisfeadh sé é dá mbeadh sé leis go bráthach.

Shuidh sé síos annsin agus dinnis sé dóibh an méid a bhí gaibhte tríd aige ó dimtigh sé an chead lá cun sgoile. Dfiaruigh sé diobsan cén bealach a bhí leob féin. Tá adeir siad béigin dúinn imteacht as an áitín ag an oiread seo fathach atá ag baint ár gcuid talmhan dinn agus tá chuile fhear acab marbh againn ag dul faoi don ghrian agus ar maidin lar na bharach tá siad beo aríst.

Tugaidh bhur n-aghaidh anois ar an áit ceadna aríst go dtugaidh mise congnamh díb. Seol leob agus níor stopadar nó go dtáinigeadar isteach ins an áit ceadna aríst faoi n-a gcuid talmann féin. Chuaidh an dreithiúr a réidteach a mbéile dhóibh agus dubhairt Mac an Rí leob go raibh sé chomh maith dóibh a dhul amach agus féachaint leis na fathaigh a mharbhú có toibean agus dféadfaidís. Chuaidh caon duine acab i gcoirneal dó féin agus nuair a thainigeadar cun a chéile bhí an oiread marbh ag Mac an Rí leis am triúr acab.

Is fearr duinn dul abhaile anois adeir an triúr agus a mbéile ithe. Tá mise a dul a fanacht annseo go mbeidh fhios agam ceard tá dá ndeanamh seo beo aríst. Tuitim na hoidhche bhí sean bhean agus sean fhear thainigeadar ann pota faoi easgail ag caon duine acab agus maisa shíos ann, níl aon duine a dtuirfeadh braon as sin ann nach raibh ag eirigh có maith is bhí sé ariamh.

Ní thiubhraidh mé cead díbh níos mó a dheanamh beo adeir Mac anRí le faitchios go dtiubhradh sé an iomarca trioblóide dom. Chuaidh sé ag marbhú aríst nú go dtáinig go dtí an tsean bhean. Ba í ba ghóire dó. Fuair sé greim uirthi agus nuair bhí sé casta ag dul dha bualadh faoi'n gclaidhe, cuirim faoi bhreith agus faoi gheasa a dhul go dtí athair na bhfathach agus innseacht dó gur mharbuigh tú máthair na bhfathach agus na fathaigh féin. Mharbuigh sé an tseanbhean.

Chuaidh sé go dtí athair na bhfathach agus d'innis sé dó gur mharbuigh sé mathair na bhfathach agus na fathaigh féin. Sin é do marbhú deirneach arist go bráthach adeir an seanfhear. Nuair a bhí an seanfhear gar do bheith marbh aige cuirimse faoi bhreith is faoi gheasa thú a dhul go dtí Gabhar na Gréige agus innseacht dó gur mharbuigh tú athair na bhfathach mathair na bhfathach na fathaigh féin.

Mharbuigh sé an sean fhear. Chuaidh sé go dtí Gabhar na Gréige agus dinnis sé dó gur mharbuigh sé athair na bhfathach, máthair na bhfathach, agus na fathaigh féin. Sin é do mharbhú deirneach aríst go brathach adeir sí dionnsuigh sé féin agus iad féin a chéile go raibheadar marbh go dtí an ceann deirneach aige. Cuirimse faoi bhreith agus faoi gheasa thú adeir an ceann deirneacha dhul chomh fada le Cat na hÚmhach agus innseacht dó gur mharbuigh tú gabhar na gréige athair na bhfathach, máthair na bhfathach agus na fathaigh féin.

Mharbuigh sé an gabhar deireannach agus d'ímtigh leis go dtí Cat na hÚmhach. Nuair a tháinig sé isteach ag an gcat an umhain thalmhtin sé an chaoi a raibh an cat thíos ins an luathn agus a raibh de luathn le mí ann ina mhullach agus gan oiread na frigde ann. Tá sé chomh maith dom a innseacht duit adeir Mac an Rí gur mharbhú mé Gabhar na Gréige, athair na bhfathach máthair na bhfathach agus na fathaigh fhéin.

Sin é an marbh deirneach adeir sé aríst go bráthach. Dionnsuigh sé féin is an cat a chéile bhí an cat dhá cur go mullach an tighe dhe chuile iarraidh. Ar an deire fuair sé an bhuachtáil air agus nuair a thuit an cat marbh chuir sé sleagh a bhí i mbarr a dhriobail isteach faoi cleabhrach Mhac an Rí agus thug sé a chroidhe amach as ar an uarlár agus thuiteadar le chéile cailte annsin.

Ar maidin lár na bháireach ins an am a dtáinig an triúr fear seo go dtí an pháirc fuaireadar na fathaigh marbh agus gan tuairisg ar bith ar Mhac an Rí. Siúráilte, adeir fear acab sí máthair na bhfathach a mharbuigh é. Nuair a bhíodar ag toruigheacht fuaireadar máthair na bhfathach marbh, athair na bhfathach siúráilte adeir fear eile a mharbhú é.

Casadh athair na bhfathach marbh leob. Cuirfidh mé geall adeir an triomhadh fear gurb iad Gabhair na Gréige. Fuaireadar Gabhair na Gréige marbh. Níl rud ar bith beo anois len-a mharbh ach Cat na hUmhach. Tháinigeadar go dtí an Umhain Thalmhna agus

chonaiceadar an cat marbh agus bhí a gcas tugtha suas acab agus gan súil ar bith acab leis bhíodar a dhul amach an doras nuair a bhreathnuigh fear acab isteach agus chonnaic sé bhróg sínte le taobh an chait.

Thugadar leob a dtuagh agus thorruigheadar garraidh an chait nó go bhfuairheadar Mac an Rí agus bhí poitín iocshláinte acab. Chuireadar isteach a chraoidhe ins an áit céadna aríst agus chraitheadar braoin as an bpota air agus bhí sé có maith is a bhí sé ariamh.

Dubhradar annsin go raibh sé có maith acab a dhul abhaile. Tháinigheadar abhaile agus bhí a mbéile réidhte ag an dreithiúr rómpa leagtha annuas ar an mbord. dínnsigheadar dí a fheabhas agus doibhrigh Mac an Rí dóib go bhféathaidís codladh go suaimhreach aríst go bráthach. Ar maidin lár na bhárach dubhairt Mac an Rí leis féin go gcaithfeadh sé féin píosa eile a shiubhal. Dubhairt an triúr dreathár leis go mba cheart do a ndreithiúir a phósadh agus rud ar bith có fada is bhí aca go dtiubhraidís dó é as ucht a fheabhas is chruitaigh sé dóibh.

Sin rud nach bhfuil mise i ndon a dhéanamh adeir Mac an Rí an bhean a shábháil m'anm dom a bhfuil a fáinne seasta ar mo mhéir i gcomhnaidhe sí a phósfas mé ach gheall mé do m'athair nach bpósfainn aon bhean go dtagainn abhaile go hÉirinn aríst. Nuair nach bhfuil muid i ndon tada a dhéanamh duit adeir an triúr dreathár tiubhamuid an soitheach dhuit ó thárla go bhfuilimid féin le fanacht aríst go brathach annseo.

Amach leis an triúr i neindigh leis gur chuireadar an soitheach chun seoladh dhó go raibhadar a cur beannacht leis nó gur imthigheadar as a n-amharc. Chaith sé trí seachtainí nuair a dimtigh sé as amharc talathana gan bád ná rud ar bith fheiceáil.

Lá annsin chonaic sé soitheach ag seol ar an mbealach ceadna a raibh sé féin a seoladh. Maidin an dara lá bhí sí suas leis agus ní dheacaidh sí blas ar bith chun thosaigh air. Nuair a bhí grian ag dul i dtalamh bhí sé ag tigheacht gar d'oileán agus ní raibh fhios aige ce ab fhearr dó tigeacht ar fosgadh an oileáin go maidin ná coinneál a seoladh mar bhí sé.

Nuair a bhí an t-oileán gar do bheith caithte aige tháinig an soitheach a bhí a seoladh i néinfeacht leis faoi'n oileán agus chaith sí amach a heancaire agus nuair a chonaic Mac an Rí ar eancaire í tháinig sé féin timcheall agus tháinig sé ar eancaire ins an áit céadna tamall uaithe. Nuair a bhí a chuid seolta ceangluighthe aige thosuigh sé ag siubhal siar is aniar ar bhord an tsoithigh agus chonaic sé nach raibh aon fhear ins an soitheach eile ach aon fhear amhain agus é ag déanamh an rud céadna.

Má tá mé i ndon a dhéanamh gabhfaidh mé isteach ar bord an tsoithigh agus adeir Mac an Rí agus é ag caint leis féin. Nuair a bhí sé ag brath ar dhul de léim isteach ar bord an tsoithigh ag an bhfear eile chonaic sé é ag rith siar aniar an tsoithigh agus ag rith amach ar crann sínte an chéad tseoil agus ag dul de léim ar an oilean.

Ní dhearna aon fhear ariamh aon bhlas adeir Mac an Rí agus é ag caint leis féin nar mhaith liom a dhéanamh ag tabhairt rite raite agus ag dhul de léim an áit céadna amach ar an oileán. Chó luath agua a chonaic an fear amuich é ag tigheacht ní dhearna sé ach eirigh de léim agus isteach leis dhe léim i soitheach Mhac an Rí inÉirinn. Chas Mac an Rí ar a chois agus chuaidh sé féin de léim ina dhiaidh agus ar a thigheacht isteach dó bí pota ar dhruim an

fhir seo. Co luath agus tháinig sé sa soitheach ní dhearna an fear a bhí istigh roimhe ach an pota aionntú agus é a chur faoi bhéal an phota.

Chaith Mac an Rí dhá oidhche agus dhá lá faoi bhéal an phota aige. Maidin an triomhadh lá thóig sé an pota de Mhac an Rí agus d'éirigh sé de léim agus chuaidh sé amach ar an oileán. Tá mo dhóthain agam díot anois adeir Mac an Rí ach ní leanfaidh mise níos mó thú ach déanfaidh mise rud leat sa gcaoi go mbeidh mé indon a rádh nuair a ghabhas mé abhaile go hÉirinn nár casadh aon fhear ariamh liom co- maith liom féin. Tiubhraidh mé uait an soitheach.

D'éirigh sé go léim agus chuaidh sé innte isteach agus thug sé aghaidh ar Éirinn ins an áit céadna ar fhága sé d'faga sé a shoitheach féin ina dhiaidh. Bhí ag siubhal is ag síorimteacht ariamh nó go dtáinig sé isteach go hÉirinn ins an áit céadna ar fhága sé bhí a athair agus an oiread seo daoine íoctha amach chuile lá aige féachaint an bhfeicfidis cosmalacht ar bith agus tháinig sé isteach i ngan fhios doib mar gheall ar cheo mór a bhí ann ní fhacadar ag tigheacht é .

Shiubhail sé isteach ag á n-a athair arndú más thíos a fuair sé é is thuas a d'fhaga sé é. Thosuighadar ag a reidheacht béile dó . Dubhairt an t-athair nach mbainfeadh sé féin aon fhocal as go mbeadh a bhéile ithte aige. Bhí an bheatha dá leagan anuas ins an am ar shiubhail an fear isteach agus pota ar a ghualainn aige agus leag sé uaidh ar an uarlár é.

Suidh isteach ag beatha adeir Mac an Rí leis béidir go bhfuil tamall siubhalta agat co maith liom féin. Ní íosfaidh mé aon bhlas beatha adeir an fear a raibh an pota aige ach an bheatha a bruitfeas mo phota féin. Sin agus fear a ghabhfas ag innseacht sgéil nach mbeidh aon fhocal bréige ann ó na thús go dtí n-a dheire beidh mo phota-sa bruite san am sin agus íosfaidh mé mo dhóthain.

Anois adeir Mac an Rí is mise an fear a tháinig có fada leis an bhfear atá i ndon an sgéala a innseacht. Thosuigh sé ag innseacht sgéil. Thosuigh sé leis san am a ndeachaidh sé cun sgoile i dtosach. Bhí sé innseacht nó go dtáinig sé go dtí an fear a chuir dhá oidhche agus dhá lá faoi bhéal an phota é badh é an fear ab é a casadh ariamh liom ach annsin adeir sé thug mé uaidh a shoitheach adeir sé nó nabruiginn nár casadh fear ar bith liom có maith liom féin agus dá chomhthairdeacht sin féin ní fhaca mé aon fhear ariamh is cosúla leis ná tusa agus an pota atá agat.

Mise an fear céadna adeir an fear agus seo é an pota céadna . Tá mo chuid beatha-sa bruite adeir sé agus íosfaidh mé mo dhóthain de mo chuid féin agus mise an fear a bhí tú a tourigheacht, an Dabhradán. Níorbh fhiúntach liom thú throid i mo rioghacht féin nó go dtiginn i láthair t'athair go dtroidfinn thú.

Maidin lár n-a bharach bhíodar ag dul amach ag triail a chéile. Chuadar amach ina mbeirt ghaisgidheacha i ngreim ina bpéire claidhamha . Nuair a bhí sé an dó dhéag ní raibh fhios aca cén fear an fear ab fhearr. Bhíodar a troid nó go dtáinigedar ar bhruach aibhne a bhí ann. Rinne an Dabhradán eascinn de féin agus chaith sé é féin amach san abhainn. Rinne Mac an Rí madra uisge di féin agus bhí sé amuic de léim ina dhiaidh.

Thug sé isteach an Dabhradán ina bhéal ar an talamh. Rinne sé seo fear de fhéin aríst agus rinne Mac an Rí an rud céadna ag dul faoi do'n ghrian chuireadar lámh le chéile agus dubhairt caon fhear acab nach raibh fios acab cén fear acab ab fhearr. Beidh mise a dhul abhaile anois adeir an Dabhradán . Ní bhís adeir mac an Rí bronnfaidh mise do shoitheach arís ort. Seol sé agus thug sé aghaidh ar an domhan siar san áit ceadna ar fhága sé.

Tá súil agam anois adeir an Rí nach gcorrochaidh tusa aríst go bráthach. Ní fhéadfa mé é sin a dhéanamh leis an mbean a sheas dom san áit ar ceangluigheadh mé agus ar caitheadh le fána na haille mé amach sa bhfarrge agus a bhfuil a fáine ar mo mhéir a shabháil m'anam. Nuair a bhí sé innsighthe don athair aige sé an chaoi ar dhubhairt sé gurb aige a bhí an ceart.

Ná fan nóiméad ach maidin i mbáireach agus gabhfadh mise leat go dtuga tú leit go hÉirinn an bhean seo. Chuadar chun seoladh ar maidin agus nior stopadar agus níor mhór chonnuigheadar go dtáinigheadar ins a gcaladh céadna a raibh Mac an Rí feistighte roimhe sin.

Bhí sé ag siubhal no gur chuir sé tuairisg ar theach an fhir seo go dtáinig sé féin agus a athair ann isteach. Nuair a d'innis sé cé a bhí ann ní chreidfeadh sí seo é nó go bhfeiceadh sí an fáinne. Más tú Mac an Rí adeir sí ní feidir an fáinne a bhaint de do mhéir no go mbainidh mise dhíot é.

Thriall a raibh sa teach leis agus chinn sé orthab có luath agus rug sí seo air sgiob sí dhá mhéir é. Sin é an t-am ar chreid sí gurb é a bhí ann. Caitheadar an oidhche sin trian le fianniacht trian le sgealaidheacht trian le caiteamh bidh trom suan agus sior chodladh blas na meal ar gach míle greim agus gan aon ghreim tor dá mhoiche dár eirigh an ghrian lar na bháireach is moithe ná sin a deirigh Mac an Rí. Reitigheadar amach iad féin Phósadar agus tháinig ar ais go hÉirinn a n-áitín féin. Tá siad mar sin ó shoin dimitigheadar sin agus tháinig mise.

8/11/1931.

Chuala an sgéalaidhe an sgéal seo ó Mhicil Mac Thuathaláin a bhí in Oileán Máisín. Tá se cáillte le dhá bhliain déag i dteach Dubhdarach Uí hUaithnín san Áird hoir cuala sé dhá innseacht é. Fear déanta seolta a bhí i Micil. Sé a chas sa teachseo é ag obair le seolta.